

Sábháilteacht ar an bhFeirm

In Éirinn, tarlaíonn trian de na timpistí feirme ar fad do pháistí gach bliain. Seo cúpla leid duit maidir le sábháilteacht ar d'fheirm féin nó má théann tú ar cuairt chuig feirm. Tá breis eolais le fáil ag www.agriaware.ie

1. Ní áit spraoi i feirm. Éist leis an bhfeirmeoir agus déan mar a deir sé/sí leat.
2. Ná bí ag dreapadh ná ag spraoi ar inneallra (machinery) feirme.
3. Ná tóg slob (lift) ar tharracoír ná ar leantóir (trailer).
4. Fan amach ó cheimicí, ó phoill sciodair (slurry pits) agus ó umair (tanks) uisce.
5. Ná téigh isteach i bpáirc / i ngort gan cead ón bhfeirmeoir.
6. Nigh do chuid lámh tar éis duit bheith ar fheirm.

Déan postaer ag tabhairt rabhaidh (warning) do pháistí faoi chontúirtí (hazards) feirme. Smaoinigh - b'fhéidir nach raibh páistí áirithe ar fheirm riamh agus nach bhfuil tuiscint ar bith acu ar na contúirtí sin.

Ainmneacha Ialtóga na hÉireann




An tseachtain seo caite, d'arramar ort, ainmneacha na speicis eile ialtóga a bhíonn in Éirinn a fháil amach. Seo roinnt ainmneacha duit:

- Ialtóg ghiobach (whiskered)
- Ialtóg Natterer
- Ialtóg Daubenton
- Ialtóg dhonn chluasach (long-eared)

An féidir leat teacht ar phictiúir de na hialtóga seo?

Crosfhocal



TRASNA

3. Tagann sé seo ar thír nuair nach dtéann dóthain báistí. (8)
4. Cuireann tú é ar arán. (2)
5. Is obair dhian í _____ orgánach. (14)
6. Bíonn _____ alpaca ar fheirmeacha áirithe. (7)
8. Is breá linn ar fad an sórt uachtair seo. (6)

9. Baineann an feirmeoir iad san fhómhar. (5)
10. Tugann ba é seo dúinn. (6)

SÍOS

1. Fásann plandaí agus barra ann. (5)
2. Scanraíonn sé na héin. (13)
7. Bíonn dath deas buí ar an mbia millis seo. (6)

Cathair Ghríobháin



Cathair ghríobháin on aer.

Ar íth tú ar bhar millis (sweetcorn) riamh? Tagann ar bhar millis ó **ar bhar Indiach** (maize). Fásann ar bhar Indiach níos mó ná méadar ar airde. Fásann feirmeoirí ar fud na hÉireann é agus shocraigh roinnt feirmeoirí **cathair ghríobháin** (maze) a chruthú sna páirceanna ar bhar. Siúlann na cuairteoirí ar chosáin a ghearr an feirmeoir trí na barra. Má fhéachann tú ar chathair ghríobháin ón aer, cheapfa nach mbeadh sé deacair siúl amach aisti, ach nuair a bhíonn tú istigh inti, bíonn sí i bhfad níos deacra! Ar thug tú cuairt ar chathair ghríobháin riamh? Rinne feirmeoir ceann sa Daingean i gCo. Chiarraí i mbliana. San fhómhar, baineann an feirmeoir an t-ar bhar Indiach agus cruthaíonn sé cathair ghríobháin nua an bhliain dar gcionn, nuair a fhasann na barra arís.

eureka

Foilsíonn an Irish Independent Eureka, i gcomhar leis an Ionad Oideachas Eolaíochta ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, BAC 9, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

TAIGHDE & TÉACS:
Helena Jeffrey, Paula Kilfeather,
Cliona Murphy & Janet Varley.

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



AISTRITHEOIR: Bairbre Ní Ógáin
EAGARTHÓIR: John Walshe
DEARADH: Smart Design
SCRÍOBH CHUGAINN:
Debbie Brennan, Eureka, Irish Independent,
27-32 Sraid Thalbóid, BAC 1.
LINE DO CHUSTAIMÉIRÍ:
Fón 023 32879
CUIR RÍOMHPHÓST CHUIG:
eureka@unison.independent.ie



Molláí Cúl

Irish Independent eureka



Maidhc Reascóp

Buaiteoir 2005 – Gradam Domhanda an Léitheora Óig – Cumann Domhanda na Nuachtán (WAN)

Imleabhar 3, Eagrán 3
12ú Deireadh Fómhair 2006

Irish Independent Forlónadh Eolaíochta do Scoileanna

Ar an bhFeirm



Beidh ocras orainn - ní mórán féir le feiceáil thart ar an áit seo!

Clóisimid ar an nuacht, go minic, go bhfuil **gorta** (famine) in áit éigin ar domhan. Bíonn barra (crops) na bhfeirmeoirí scríosta; faigheann na hainmhithe bás; ní bhíonn bia ag na daoine. Is easpa (lack of) báistí is cuis leis an ngorta go minic. Tagann **triomach** (drought) ar thír. Uaireanta eile, titeann an iomarca báistí agus scriosann na tuille na barra ar fad. Uaireanta eile arís, scriosann stoirmeacha móra na barra. In áiteanna áirithe ar domhan, tá na gaineamhlaigh (deserts) ag leathadh agus ag scriosadh feirmeacha.

Tá an t-ádh orainn anseo in Éirinn. Cabhraíonn an **aeráid** (climate) atá againn le

feirmeoireacht. Usáidimid beagnach dhá thrian de thalamh na hÉireann le haghaidh feirmeoireachta. Bíonn dothain báistí againn agus ní bhíonn an aimsir an-fhuar riamh. Mar sin, fásann fear ó cheann ceann na bliana, nach mór. Tá fear againn ar 80% de thalamh feirme na hÉireann. Mar thoradh air sin, bíonn neart le hithe ag na ba, agus ar ndóigh, bíonn mairteoil (beef) agus bainne againn. Fásann feirmeoirí a lán barr gránach (cereal) eile ar nós eorna (barley) agus cruithneachta (wheat). Is barra tábhachtacha iad prátaí agus beacáin (mushrooms) freisin.

Tá feirmeacha eile in Éirinn atá difriúil ó na

gnáthfeirmeacha – tá feirmeacha éisc, feirmeacha éanlaith chlóis (poultry) agus feirmeacha fianna (deer) in áiteanna éagsúla. Bíonn feirmeoirí áirithe ag caint ar bharr a fhás a bheadh oiriúnach (suitable) mar bhreosla (fuel) do charranna agus do tharracoír. Bíonn ainmhithe neamhghnácha le feiceáil ar fheirmeacha freisin – ostraisí (ostriches), minceanna (mink) agus gabhair alpaca. Faoi láthair, tá eolaithe ag caint ar fheirmeoireacht a dhéanamh sa spás. Má táimid chun an ghealach nó aon cheann de na plainéid a **choilíniú** (colonize), cailthimid bheith ábalta bia a fhás orthu. Dá bhri sin, tá suim ag NASA fáil amach conas plandaí a fhás ar an Spásteinteáil (space shuttle) agus

ar an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta atá ag fithisiú (orbiting) an domhain.

Má tá cónaí ort faoin tuath, seans maith go bhfuil aithne agat ar a lán daoine a bhíonn ag feirmeoireacht. Má tá cónaí ort sa chathair nó i mbaile mór, seans nach raibh tú riamh ar fheirm. Ach is cuma cá bhfuil cónaí ort, braitheann tú ar fheirmeacha le haghaidh do chuid bia agus roinnt de do chuid éadaí.

San eagrán seo d'Eureka, léifidh tú faoi chúrsaí feirmeoireachta – cuir ort do chuid buataisí agus ar aghaidh linn!



Gníomhaíocht

Suirbhé ar Bhia - cá as a dtagann an bia a ithimid?



Tagann roinnt den bhia a ithimid ó fheirmeacha anseo in Éirinn. Déanann báicéirí arán ó chruithneacht a fhasann anseo. Tagann an bia déiríochta (dairy) ó bhainne bha na hÉireann. Is féidir linn bradáin (salmon) a fháil ó fheirm éisc in Éirinn. Déan an ghníomhaíocht seo agus faigh amach cá as a dtagann ár gcuid bia.

BUNÁBHAI:

- Léarscáil an domhain
- Léarscáil na hÉireann
- Boscaí agus paicéid fholmha, ghilana ó bhia (bailigh iad sa rang)
- Lipéid (labels) ó bhia stánaithe (canned)
- Lipéid ó thorthaí agus ó ghlásraí

AIRE: Ná tabhair isteach pacáistí ó fheoil nó ó iasc. Beidh boladh gránna uathu tar éis tamaill.

TREORACHA:

1. Le do ghrúpa, féach ar na boscaí, na paicéid agus na lipéid a bhailigh sibh. Déan iarracht fáil amach ó na lipéid cá as ar tháinig an bia.
2. Déan dhá charn (piles) – bia ó Éirinn, bia ó áiteanna eile.
3. Aimsigh na háiteanna éagsúla ar na léarscáilteanna.
4. Anois, freagair na ceisteanna seo:
 - a) Cén bia a tháinig as Éirinn?
 - b) An bhfuil aon bhia stánaithe as Éirinn sa charn?
 - c) An bhfuil aon bhia reoite as Éirinn sa charn?
 - d) Cé mhéad bia déiríochta a bhí agat?
 - e) An raibh aon bhia agat a tháinig as níos mó ná tir amháin?
 - f) An raibh tú ábalta fáil amach cad iad na contaetha as ar tháinig an bia Éireannach?

Feirmeoireacht Orgánach



Úsáideann daoine **luibhicídí** (herbicides) chun fiailaí a mharú agus **lotnaidicídí** (pesticides) chun lotnaidí (pests) a mharú, ach tá faoi airde ar dhaoine eile go bhfuilimid ag déanamh damáiste don fhiadhúlra (wildlife) agus dúinn féin leis na hearraí seo.

Uaireanta, sileann **leasacháin** (fertilisers) ó fheirmeacha isteach in aibhneacha agus i srutháin. Maraíonn siad éisc agus beathra uisceach (aquatic life) eile ansin. Úsáideann feirmeoirí **ceimicí** (chemicals) agus fanann a lán de na ceimicí seo inár gcuid bia. Tá méadú (increase) tagtha ar an líon daoine atá ag iarraidh bia a cheannach atá saor ó cheimicí.

Ní bhíonn luibhicídí, lotnaidicídí ná leasacháin

cheimiceacha in úsáid le **feirmeoireacht orgánach** (organic). Ina n-áit, úsáideann na feirmeoirí bealaí nádúrtha chun na barra a choinneáil slán. Is obair andian i seo. Faigh amach cad iad na leasacháin nádúrtha a bhíonn ag feirmeoirí. Ní bhíonn oiread truaillithe sa timpeallacht leis na cinn nádúrtha agus cabraíonn sé seo chun gnáthoga (habitats) an fhiadhúlra a chosaint.

PLÉIGH:

Cad iad na buntáistí (advantages) a bhaineann le húsáid ceimicí chun barra a fhás?

Cad iad na buntáistí a bhaineann le bealaí nádúrtha feirmeoireachta?

An Talamh faoi do Chosa



An ndearna tú machnamh riamh ar an **ithir** (soil) faoi do chosa? An mbraithimid (depend) mórán ar an ithir sin? Ithimid plandaí a fhasann san ithir sin; ithimid feoil a thagann ó ainmhithe a itheann na plandaí sin freisin. Is meascán de phiosáí beaga bideacha cloiche, d'uisce, d'aer agus d'ábhair atá ag **lobhadh** (decaying) an ithir. Tagann an t-ábhar atá ag lobhadh ó dhuilleoga agus ó chraobhoga beaga a thit ar an talamh. Lobhann siad go mall isteach san ithir. Nuair a fhaigheann rudaí eile bás a bhí beo, ar nós inveirteabrach, lobhann siadsan isteach san ithir freisin.



Gníomhaíocht

Ag déanamh ithreach

Má tá gairdín agaibh ar scoil, b'fhéidir gur mhaith leat iarracht a dhéanamh ithir a chruthú in araid múirín (compost bin). D'fhéadfá ithir a dhéanamh ar scoil freisin don gháirdín sa bhaile. Seo mar a dhéanann tú é.

BUNÁBHAI:

- Araid múirín nó bosca atá ar aon mhéid le haraid rothail (wheelie bin)
- Dramhail ó ghairdín .i. féar gearrtha, bláthanna marbha, duilleoga marbha
- 'Dramhail 'glas' ranga .i. torthaí, glásraí, dramhail ó do bhioróir pinn luaidhe
- Spád nó forc garraidoireachta
- Lámhainní aon uaire (disposable)

TREORACHA:

1. Cuir an araid múirín in áit le foscadh, taobh amuigh.
2. Bailigh dramhail ó ghairdín na scoile agus ón seomra ranga.
3. Coinnigh gach rud atá san araid beagáinín fluich agus measc é le spád nó forc uair sa mhí nó mar sin.
4. **Breathnaigh** agus pleigh na hathruithe a fheiceann sibh i rith an ama.
5. I gceann bliana, ba cheart go mbeadh múirín agaibh le cur ar an ngairdín!

AIRE: Úsáid lámhainní aon uaire agus nigh do chuid lámh. Ná cuir feoil ná bia déiríochta riamh san araid múirín. Meallfaidh siad lucha nó francaigh.



Gníomhaíocht

Déan Im



Tá cáil ar im álainn na hÉireann! Déanaimid i ón uachtar sa bhainne. Déan do chuid ime féin sa ghníomhaíocht seo.

BUNÁBHAI:

- Próca nó coimeadán (container) plaisteach le claibín (lid)
- Uachtar
- Plátá agus spúnóga – chun í a bhlaiseadh.

TREORACHA:

1. Doirt an t-uachtar isteach sa phróca go dtí go bhfuil sé leathlán.
2. Úsáid do chuid céadfaí chun an t-uachtar a scrúdú – céadfa an radhairc, an bhlaís, an bholaídh agus an mhothaithe.
3. Cuir an claibín air go dlúth.
4. Croith an próca ar feadh trí nóiméad. Ansin iarr ar chairde an rud céanna a dhéanamh.
5. **Breathnaigh** air gach trí nóiméad.
6. Nuair a cheapann tú go bhfuil im déanta agat, tóg amach é agus blais de.

SAMOINIGH AIR SEO:

Cad a tharla don uachtar?

Síos : 1. Ithir, 2. Scannaitheoir, 7. Arbhar

Trasna: 3. Triomach, 4. Im, 5. Feirmeoireacht, 6. Gabhair, 8. Reoite, 9. Barra, 10. Bainne.

Freagraí ar an gCrosfhocal (leath. 4)



Gníomhaíocht

Dear agus Déan Fear Bréige



Nuair a chuireann (sow) feirmeoirí siolta, déanann éin iarracht na siolta a ithe. Ar ndóigh, ní bhíonn na feirmeoirí sásta leis seo. Go minic, úsáideann siad scanraitheoirí éan (bird scarers) a dhéanann torainn phléisce (bang). Sula raibh siad seo le fáil, bhí bealaí difriúla acu chun na héin a choinneáil amach ó na barra. Uaireanta, rinne siad **Fear Bréige** - deilbh (figure) a bhí chomh mór le duine agus é déanta as gíobail (rags) agus earraí fuill (odds and ends).

Dear agus déan d'fhear bréige – nó d'bhean bhréige - féin. Is féidir deilbh bheag nó ceann chomh mór leat féin a dhéanamh.

BUNÁBHAI:

- Tui (straw) nó seanpháipéar nuachta mar lionadh (stuffing)
- Cosa scaiibe nó bataí duail (dowel)
- Crochadáin chotai (coat hangers) (má's mian leat)
- Téad
- Seiliteip
- Seanéadaí glana (cóta, hata, treabhsair agus mar sin de)
- Tornapa nó puimcín don chloigeann; úll má's deilbh bheag
- Siosúr.

TREORACHA:

1. Bailigh le chéile na hábhair a bheidh ag teastáil uait.
2. Tarraing plean den fhear bréige. Cuir lipéid ar an bplean chun na hábhair éagsúla a thaispeáint.
3. Déan d'fhear bréige. (Leid: B'fhéidir go mbeadh cabhair ag teastáil uait chun an dá chos / bhata a cheangal le chéile i bhfoirm croise. Nó d'fhéadfá crochadóir a chur ar bhata amháin).
4. Bain triail as! An gcuireann sé scanradh ar na héin?

SMAOINIGH AIR SEO:

- Cá bhfios duit go bhfuil ag éirí le fear bréige?
- An athrófa aon rud dá mbeifeá a dhéanamh arís?